C/2025/4997

10.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12017 — KKR / HHS / DATAGROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4997)

1. An 1 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KKR & Co. Inc. ('KKR', na Stáit Aontaithe),

— HHS Beteiligungsgesellschaft mbH ('HHS', an Ghearmáin),

— DATAGROUP SE ('DATAGROUP', an Ghearmáin).

Gheobhaidh KKR agus HHS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar DATAGROUP, atá faoi rialú aonair HHS faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 15 Aibreán 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas,

— Is cuideachta faoi dhliteanas teoranta é HHs faoi dhlí na Gearmáine agus an chuideachta sealbhaíochta teaghlaigh atá faoi rialú indíreach Max H. Schaber, saoránach agus cónaitheoir Gearmánach.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais DATAGROUP: Is é Datagroup máthairchuideachta Ghearmánach grúpa cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh TF.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12017 — KKR / HHS / DATAGROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË